

# ☼ An Lúibín ☼

26 Márta 2015

## Seimineáir Léinn Éireannaigh i gColáiste Newman, Ollscoil Melbourne

An Dr Larry Geary, UCC, 10 Feabhra 2015

*Moonlighting and the land war in late nineteenth-century Ireland*

An Dr Dianne Hall, Ollscoil Victoria, 10 Márta 2015

*"Now him white man": Race and the Irish in nineteenth-century Australian cartoons*

Rinne an Dr Geary cur síos an-suimiúil ar an tréimhse 1879-82 i gCúige Mumhan. Bhí Cogadh na Talún ar siúl agus an-aird ag an húdaráis dá bharr ar chontaethe Chorcaí, Chiarraí, Luimnigh agus an Chláir. Bhí pionós géar á ghearradh ar chuireanna in éadan an duine agus na síochána, ach bhí an dá dhlí ann: dlí an Stáit agus dlí an phobail. Dá shárófá an chéad dlí, seans go mbeifeá ag cloí leis an dara ceann. Ach ba gharbh an dlí é siúd – litreacha bagarthacha, bascadh agus dúnmharú. Bhí eagla ar dhaoine measúla go raibh an ‘fabric of society’ á réabadh dá bharr, cé go ndéarfadh na réabóirí céanna, is dócha, gur rud é go raibh leas an phobail á chosaint acu. Deirtí go raibh airgead á roinnt ag Conradh na Talún chuige, cé go séanadh páirtínigh Parnell é sin go tréan.

Bhí brathadóirí ann – daoine a raibh lámh acu sa ghnó nó a raibh aithne acu ar na *Moonlighters* (bhí gúnadóir ina measc). Bhí Donncha Ó Conaill (mac mallachta, más fíor) ar na brathadóirí ba thábhachtaí, agus d’fhág sé fianaise scríofa ina dhiaidh a raibh Geary in ann tairbhe a bhaint as. Chuir an Conallach síos ar an éide a chaitheadh na fir – cótaí fada, gúnaí, mascanna – agus na hairm a bhíodh ar iompar acu. Bhí na fir eagraithe mar a bheadh arm ann. Tá léaráidí suimiúla le fáil sna cáipéisí. Luaigh an Conallach bonn airgid a bhronntaí ar fhir a bhíodh chun tosaigh i gcosaint chearta na ndaoine i gcúrsaí talún.

Bhí baint ag an scéal seo le dream contúirteach eile: na Fíníní. Shíl na póilíní go raibh na Fíníní an-láidir i gCorcaigh (tuairim a raibh bunús léi) agus go raibh cuid mhaith arm curtha i bhfolach acu – raidhfíilí, gunnáin agus dínimít.

Chíoraigh Dianne Hall na cartúin a dhéanadh staic mhagaidh de na hÉireannaigh in irisí Astrálacha ó na 1860í go dtí 1920. Bhí baint ag an scéal leis an díospóireacht faoin éabhlóid agus le sean-nathanna faoi airíonna daonna ar glacadh leo go forleathan ag an am. Tá an tÉireannach mar bhromach tútach dásachtach le fáil in íomhánna seanbhlasta ón mbliain 1798 amach agus mhair tréithe áirithe den chineál sin ar feadh i bhfad sna scigphictiúir: an chuma shimioch, éadach na tuaithe (nó leagan de), an corp cromtha.

Bhí athrú le haithint ar na cartúin le himeacht aimsire. Níorbh iad na Caitlicigh amháin a bhí á bhfeannadh in ndeireadh an 19ú haois; tá cartún ann a dhíspeagann idir Chaitlicigh agus Oráistigh as sliúchas a tharla in Melbourne (ceann a léiríonn, b’fhéidir, déistean le hachrainn chreidimh i náisiún nua).

Nuair a thug John agus William Redmond, beirt cheannairí náisiúnacha ó Éirinn, camchuairt na hAstráile sna 1880í ar lorg airgid agus tacaíochta do *Home Rule* in Éirinn, lean an chonspóid iad. Mar sin féin, taispeánadh gan mhórán de scigmhagadh sna cartúin iad: ba phearsana aitheanta iad, murab ionann is an bhaicle gharbh a bhí le feiceáil ina dtimpeall.

Ní gá go mbeadh na Bundúchasaigh féin chomh suarach leis na gnáth-Éireannaigh de réir bharúil bhinibeach lucht scigléirithe. Thaispeán Dianne cartún de chuid na bliana 1899 agus dhá phríomhphearsa ann, King Billy (seanóir Bundúchasach) agus Mrs Muldoon (bean níochán). Déantar ula mhagaidh den bhean ach léirítear meas éigin ar King Billy.

Faoi thús an 20ú haois bhí maolú tagtha ar na sean-nathanna i dtaobh na nÉireannach: bhí ciníocha eile á n-aoradh ina n-áit. Ansin tháinig Éirí Amach na Cásca agus an tArdeaspag Daniel Mannix, curadh conspóideach na nÉireannach san Astráil, agus tháinig an sean-nimh ar ais sna cartúin ar feadh tamaill. Tagann cathú ar chartúnaithe na hÉireannaigh a aoradh fós, ach níl daoine chomh toilteanach sin cur suas leis an maslú anois.



## Riachtanas na Gaeilge

Dá ligfí an Ghaeilge ar lár mar ábhar éigeantach i scoileanna lán-Bhéarla na hÉireann, ar mhór an tubaiste don teanga é? A mhalairt ar fad, is dócha. Ní maith an teist ar mhúineadh na teanga is a rá gur féidir leat ceithre bliana déag a chaitheamh á foghlaim agus gan máistreacht a bheith agat uirthi i ndeireadh na tréimhse sin. Tá na mílte Éireannach tagtha chun na hAstráile le blianta beaga anuas, agus ar éigean ab fhéidir leat comhrá a dhéanamh i nGaeilge le 5% díobh. Tá cúiseanna éagsúla leis seo. Is annamh is fiú le Béarlóirí in Éirinn nó in aon tír eile teanga eile a fhoghlaim, agus d'fhág múineadh ciotach na Gaeilge thar na blianta a rian ar aigne tuismitheoirí agus daltaí. Níor maíodh riamh go soiléir cén aidhm atá i gceist maidir le foghlaim éigeantach na Gaeilge agus cén fáth nach ndéanfadh cúrsa léinn chultúrtha an gnó. Tá a fhios ag an saol, ar aon chuma, go bhfuil na gaelscoileanna ann más mian leat Gaeilge a bheith ag do chlann.

Dealraíonn sé, ó thaobh na hAstráile de, gurb annamh a bhíonn Gaeilgeoirí (in Éirinn ar aon chuma) toilteanach an cheist seo a chíoradh go fuaraigeanta. Tá sé maíte ag eolaithe oideachais agus eile gur gá curaclam na Gaeilge a leasú, múineadh na teanga a fhágáil faoi shainmhúinteoirí (i.e. daoine a bhfuil fíorshuim acu san ábhar) agus an bhéim a chur ar labhairt na teanga. Cén fáth nach bhfuil Conradh na Gaeilge ag cur brú ar na húdaráis sna cúrsaí seo in áit osna a ligean ó am go ham? Mura ndéantar leasú is deacair a thuiscint conas is féidir an riachtanas a shábháil. Tá fadhb eile ann, ar ndóigh: an oiread sin múinteoirí nach féidir leo an aimsir féin a phlé i dteanga na nGael.

Tá baint ag an méid sin le seanscéal eile. Tuairiscítear go bhfuair 6,111 dalta Ardteiste díolúine ón nGaeilge le trí bliana anuas; rinne 3,791 duine acu (67%) staidéar ar theanga eile nach Béarla í.<sup>1</sup> Tá cúiseanna maithe ann le díolúine a fháil: míchumas foghlama, easpa Béarla, bunoidreachas a fháil taobh amuigh d'Éirinn. Sa chás seo rinneadh an gnáthchaoineadh (gan tagairt a dhéanamh do na fadhbanna a luadh thuas). Dúirt Muireann Ní Mhóráin (ceannaire na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta nó COGG) go raibh buntáiste ag gabháil leis an nGaeilge don té ar deacair dó scríobh nó léamh, sa mhéid go bhfuil 50% de mharcanna an scrúduithe ag dul don scrúdú béil agus don chluastuiscint, murab ionann is teangacha Eorpacha eile. B'fhíor di, ach ní bhacfaidh sin ar dhaltai áirithe an Ghaeilge a sheachaint, cuid acu toisc go bhfuil fíordheacrachtaí acu, cuid eile toisc go bhfuil siad seiftiúil agus ghlic.

Sa bhliain 2011 mhaígh Seán Ó Cuirreáin, Coimisinéir Teanga, go raibh infheistíocht an-mhór á déanamh i múineadh na Gaeilge ach go raibh daoine óga ag fágáil na scoile agus gan acu ach an cúpla focal. Mhol sé an t-athbhreithniú a bhí le déanamh ag an Rialtas (agus nár tháinig aon toradh fiúntach fós air), agus dúirt sé gurbh fhearr an leasú ná an cur ar ceal.<sup>2</sup> B'fhearr go deimhin, ach tá bunús fós leis an tuairim gur cóir an Ghaeilge agus teangacha eile a mhúineadh ar bhealach tarraingteach sna bunscoileanna agus ábhar roghnach a dhéanamh díobh ina dhiaidh sin. Is deacair iallach a chur ar dhaltai a bhfuil Béarla ó dhúchas acu teangacha eile a fhoghlaim sa mheánscoil nuair nach léir dóibh go bhfuil tairbhe nó sult le baint as.

Má tá bláthú éigin tagtha ar an teanga in Éirinn, san Astráil agus i Meiriceá Thuaidh is beag baint atá aige leis an nGaeilge éigeantach. D'eascair an bláthú sin ó fhoinsí eile. Fonn a dhéanas fiach.

Tugaimis an focal scoir d'Eoin Butler, Gaeilgeoir a scríobh píosa le déanaí don *Irish Times*:

Yet, speak to any an activist and they'll usually tell you two things. First, that the Irish language is genuinely cherished by thousands of people, at home and abroad, and that the ranks of its admirers are growing every year. Second, that abolishing compulsory Irish in our school would doom the language to extinction. Now it seems to me that these statements cannot both simultaneously be true. Those of us

<sup>1</sup> <http://tuairisc.ie/62-de-dhaltai-a-fuair-dioluine-on-ngaeilge-ag-foghlaim-teanga-eile/>

<sup>2</sup> [http://www.educationmatters.ie/em\\_news/reform-rather-than-abandon-irish-counsels-language-commissioner/](http://www.educationmatters.ie/em_news/reform-rather-than-abandon-irish-counsels-language-commissioner/)

living outside of An Ghaeltacht, who love the language, will continue to do so even if our children are not obliged to study it in school or university. (If they want to, they'll study it voluntarily.) Love is not fostered through coercion. And those who argue loudest to the contrary usually have an undeclared financial, as well as ideological, vested interest in maintaining the status quo.<sup>3</sup>

*Le cloisteáil ar Cormac ag a Cúig* (<http://www.rte.ie/rnag/podcasts/>):

Maitiú de hÁl: 'Cén fáth a bhfuil mo pháiste ag foghlaim Gaeilge?'

Muireann Ní Mhóráin: 'Ag plé díolúine ón nGaeilge'



### Focal is fuaim

Tá *Tuairisc.ie* dulta i gcomhar le Cló Iar-Chonnacht chun sliocht as leabhar a chur i láthair agus é á léamh os ard ag an údar. Ar na húdair úd tá Daithí Ó Muirí, duine de ghearrscéalaithe suntasacha na Gaeilge. Tá a lán bailiúchán curtha amach aige, agus fuair *Cogaí* ardmholadh nuair a foilsíodh é. Bronnadh duais aitheantais Ghradam Litríochta Chló Iar-Chonnacht 2001 air. As *Cogaí* a tarraingíodh an scéal 'Duran' atá á léamh anseo.

### Féach

\* <http://tuairisc.ie/focal-is-fuaim-sliocht-as-leabhar-daithi-o-muiri-cogai-duran/>

\* <https://soundcloud.com/tuairisc>: DOMuirí Cogaí Duran



### Cacao Europa, iris dhomhanda

Tá baint ag Rónán MacDhubhaill, Gaeilgeoir, le Cacao Europa, tréimhseachán débhlíantúil an chultúir agus na n-ealaíon. Tá sé d'aidhm aige áilleacht na haimsire seo a chur in iúl. Cuirtear gach eagrán amach i gcathair dhifriúil, i gcomhar le healaíontóirí, le scríbhneoirí agus le hintleachtóirí na háite sin. Téann na cathracha féin i bhfeidhm ar an saothar, agus foilsítear é i dteanga dhúchais na ndaoine úd agus i mBéarla. Tá na heagráin an-difriúil le chéile. (Is iomaí insint atá ar scéal.)

Deir na heagarthóirí nach bhfuil claonadh polaitiúil ná institiúideach ag an iris agus (murab ionann is a lán irisí eile a phléann cúrsaí cultúir) nach bhfuil gnóthaí tráchtála ag dul i bhfeidhm uirthi faoi choim.

Anois tá siad ag iarraidh slua-chistiú trí Kickstarter, suíomh a ligeann do thionscadail shuimiúla airgead a bhailiú ón bpobal.

### Féach

\* <https://www.kickstarter.com/projects/1604551849/cacao-europa-a-new-international-review-of-art-and>

\* Rónán MacDhubhaill: <http://www.irishtimes.com/life-and-style/generation-emigration/living-abroad-means-living-with-challenges-the-unknown-1.2118655>



---

<sup>3</sup> <http://www.irishtimes.com/culture/our-first-language-now-languishes-somewhere-between-salsa-dancing-and-ultimate-frisbee-1.2145379>

## **An cogadh a chlis**

Is gearr ó mhaígh Otto Pérez Molina, uachtarán Ghuatamala, go bhfuil an ‘cogadh i gcoinne drugaí’ ina phraiseach agus nach ndéanfaidh an cosc ach breis daoine a fháil maraithe.<sup>4</sup> Is iomaí duine a dúirt nó a shíl an rud céanna, ach ní minic a chloisfeá ceannaire stáit á chur in iúl. Dúirt Pérez Molina gur cóir do cheannairí na dtíortha úd is mó a ndíoltar drugaí iontu cuimhneamh ar an dochar a dhéanann drugaí i réigiúin eile, leithéid Meiriceá Lárnaigh. Tugtar na céadta tonna de chócaon trí Ghuatamala gach bliain agus tá lucht slándála, breithiúna agus cúisitheoirí poiblí ceannaithe ag na cairtéil. Tá Pérez Molina ar son margadh rialáilte drugaí a chur ar bun in áit cead raide a thabhairt do na díoltóirí.

Níl sa mhéid seo, ar ndóigh, ach gné amháin den cháineadh atá á dhéanamh ar fud an domhain anois ar bheartais gan éifeacht i leith úsáid na ndrugaí.

Tá Nicearagua, El Salvador agus Hondúras sa riocht céanna is atá Guatamala. Níl geilleagar an-tréan acu agus tá siad ag teacht chucu féin go fóill ó chogaí ‘salacha’ a raibh ladar na Stát Aontaithe saite iontu (fuair 200,000 duine bás i nGuatamala agus a bhformhór ina bhfeirmeoirí Máigeacha). Trí dheisceart Ghuatamala a thagann na drugaí atá á seoladh chun Meicsiceo, agus tá dhá bhainle scanrúla, Los Zetas agus Sinaloa, in achran a chéile ann. Tá feirmeoirí á marú arís. Tá na Zetas ina ngáinneálaithe daoine freisin, ag tabhairt oibríthe ó thuaidh trí Mheicsiceo chun na Stát, agus ní gan bhrabús é. Tá daoine á marú go tiubh i Hondúras, áit a bhfuil lucht soláthair drugaí i ngreim scornaí ar a chéile. Téann drugaí trí Nicearagua freisin, agus déantar airgead salach a sciúradh ansin agus in El Salvador. Anois tá Costa Rica, tírín na turasoíreachta, ag teacht faoi smúit na ndrugaí.

Tá acadóirí, eacnamaithe, ardfheidhmeannaigh Eorpacha agus athpholaitheoirí ar aon intinn le Pérez Molina. Deir na hacadóirí gur fearr gan coir a dhéanamh d’úsáid phearsanta na ndrugaí ach aird a dhíriú ar mhaolú an díobhála. Meastar go bhfuil teiripe ag teastáil ó 70% de chimí na Stát Aontaithe ar a laghad chun rian na ndrugaí a chealú, teiripe nach bhfuil le fáil cheal airgid.

Tá sé ráite gurb é Meicsiceo bealach nádúrtha na ndrugaí agus iad á dtabhairt isteach sna Stáit. Ach tá a rian fágtha acu ar chríocha eile freisin ar fud an domhain agus drugaí á dtabhairt trí Mharacó, tríd an Afganastáin, tríd an Ioráin, tríd an bPacastáin, tríd an Táidsiceastáin agus tríd an Tuircméanastáin. San Afraic tugtar iad tríd an Nigéir, trí Ghána agus trí Ghine Bissau.

Tá méadú ag teacht ar líon na ndaoine atá easáitithe de dheasca dhásacht an lucht drugaí i Meiriceá Lárnach. B’fhéidir go bhfuil 1.5 milliún duine easáitithe i Meicsiceo, agus idir na blianta 2000 agus 2010 bhí an dara líon is mó ar domhan de dhaoine easáitithe le fáil sa Cholóim. (An tSúdáin amháin ba mheasa.)

Tá stair ag baint leis an ‘gcogadh’ seo, mar atá le húsáid agus mí-úsáid na gcodlaidíneach. Sa bhliain 1909 bhailigh ionadaithe na gcumhachtaí idirnáisiúnta i Shanghai chun margadh na ndrugaí a phlé, agus sa bhliain 1912 shocraigh Coinbhinsiún na nDrugaí sa Háig ar dheireadh a chur leis an mí-úsáid úd. Ní ar an éileamh a díriodh aird ach ar an soláthar. I ndiaidh an Dara Cogadh Domhanda cuireadh an International Narcotics Control Board ar bun, agus tamall ina dhiaidh sin fógraíodh ‘cogadh i gcoinne na ndrugaí’.

Má dhéantar coir d’úsáid na ndrugaí bacann sin na hiarrachtaí a dhéantar ar iarsmaí na húsáide sin a leigheas agus caitear airgead ina mhámanna chun daoine a choinneáil i ngéibheann.

Sna nóchaidí bhí an-tionchar ag na Stáit Aontaithe ar an réigiún agus iad ag stiúradh ‘la política antidrogas’. Tháinig foréigean uafásach as, ach lagaigh an tionchar sin go mór ó shin. D’éirigh leis an gColóim amháin an fhadhb a mhaolú. Laghdaigh an spréail aerga (beartas conspóideach) na plandálacha a bhfuil an cóca á shaothrú, ach níl aon laghdú tagtha ar sholáthar na ndrugaí sa réigiún i gcoitinne.

## **Féach**

\* <http://www.theguardian.com/world/2013/jan/19/central-america-battle-drug-cartels>

<sup>4</sup> <http://www.theguardian.com/world/2013/jan/19/war-on-drugs-has-failed>

\* <http://www.elmundo.es/economia/2014/05/22/537b9f2be2704eab158b4577.html>

\* <http://www.eluniversal.com.mx/nacion-mexico/2014/impreso/de-la-guerra-contra-las-drogas-220663.html>

\* <http://contrapunto.co/index.php?module=nota&i=25-xito-para-colombia-y-el-fracaso-para-estados-unidos-la-guerra-contra-las>

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).*

## Leaganacha simplithe

### Riachtanas na Gaeilge

Tá Gaeilge á múineadh mar ábhar éigeantach i scoileanna lán-Bhéarla na hÉireann. Dá gcuirfí deireadh léi mar ábhar éigeantanach, an ndéanfaí dochar don teanga? A mhalairt ar fad, is dócha. Caitheann daltaí na blianta fada ag foghlaim Gaeilge, ach is beag Gaeilge atá acu nuair a fhágann siad an scoil.

Tá cúiseanna éagsúla leis seo. Níl fonn mór ar Bhéarlóirí teangacha eile a fhoghlaim, toisc go síleann siad gur leor dóibh Béarla. Ní deirtear go soiléir cén fáth a gcaithfidh daltaí Gaeilge a fhoghlaim, agus tá a fhios ag gach duine go gcaithfidh tú do chlann a chur chun gaelscoile más mian leat Gaeilge a bheith acu.

Is deacair do Ghaeilgeoirí na hÉireann an cheist seo a phlé go fuaraigeanta. Ach tá saineolaithe á rá le fada an lá go gcaithfear athrú a dhéanamh. Caithfear curaclam na Gaeilge a leasú. Ba cheart do shainmhúinteoirí Gaeilge a mhúineadh. Ba cheart an bhéim a chur ar labhairt na teanga. Mura ndéantar leasú beidh sé deacair an Ghaeilge a shábháil mar ábhar éigeantach.

Tá cead faighte ag na mílte dalta gan staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge toisc go bhfuil ‘míchumas foghlama’ acu. Ansin déanann a lán acu staidéar ar theanga eile. Déantar gearán faoi seo ach ní phléitear na cúiseanna atá leis.

Sa bhliain 2011 dúirt Seán Ó Cuirreáin, Coimisinéir Teanga, go raibh mórán airgid á chaitheamh ar mhúineadh na Gaeilge ach nach raibh ach an cúpla focal ag na daltaí nuair a d’fhág siad an scoil. Deir daoine éigin gur fearr Gaeilge agus teangacha eile a mhúineadh ar bhealach tarraingteach sna bunscoileanna agus ábhar roghnach a dhéanamh díobh ina dhiaidh sin.

Tá an teanga ag dul i neart in Éirinn, san Astráil agus i Meiriceá Thuaidh, ach is beag baint atá aige sin leis an nGaeilge riachtanach.

### An cogadh a chlis

Tá sé ráite ag Otto Pérez Molina, uachtarán Ghuatamala, go bhfuil an ‘cogadh i gcoinne drugaí’ ina phraiseach. Deir sé go gcaithfidh ceannairí na dtíortha a ndíoltar drugaí iontu cuimhneamh ar an dochar a dhéanann na drugaí i Meiriceá Lárnach. Tugtar mórán cócaoin trí Ghuatamala, agus tá breithiúna agus daoine eile ceannaithe ag na cairtéil. Tá Pérez Molina ar son margadh rialáilte<sup>5</sup> drugaí a chur ar bun.

Tá drugaí á gcur trí Nicearagua, El Salvador agus Hondúras freisin. Tá baiclí ag troid le chéile ann agus tá mórán daoine eile á marú ann.

Tá acadóirí, eacnamaithe, ardfheidhmeannaigh Eorpacha agus athpholateoirí ar aon intinn le Pérez Molina. Deir na hacadóirí nach ceart daoine a chiontú as úsáid phearsanta na ndrugaí. B’fhéarr an díobháil a mhaolú.

Caithfidh mórán daoine teitheadh agus na baiclí drugaí chomh dásachtach sin. B’fhéidir go bhfuil 1.5 milliún duine easáitithe i Meicsiceo.

Thosaigh údarás idirnáisiúnta ag iarraidh smacht a chur ar mhargadh na ndrugaí sa bhliain 1909. I ndiaidh an Dara Cogadh Domhanda cuireadh an International Narcotics Control Board ar bun, agus tamall ina dhiaidh sin fógraíodh ‘cogadh i gcoinne na ndrugaí’.

Sna nóchaidí bhí tionchar mór ag na Stáit Aontaithe ar Mheiriceá Lárnach maidir leis an gcogadh sin. Tháinig foréigean mór as. Lagaigh an tionchar sin go mór ó shin. D’éirigh leis an gColóim srian a chur le saothrú an chóca,<sup>6</sup> ach níor tharla sé sin in áiteanna eile.

<sup>5</sup> rialáilte - regulated

<sup>6</sup> cóca – coca: the plant from which cocaine is manufactured.